

Theatre57

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi ghrúpa ealaíontóirí i nGaillimh. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, pléigh brí na bhfocal/na bhfrásaí seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa:

- ♣ *tacaíocht a thabhairt do*
- ♣ *lucht amharclainne*
- ♣ *misneach*
- ♣ *Príomhchathair Chultúir na hEorpa*
- ♣ *slí bheatha a bhaint amach*
- ♣ *file clúiteach*
- ♣ *géarghá*
- ♣ *muinín*
- ♣ *teacht isteach*
- ♣ *mol ealaíon*



Ceist 2

Féach ar an mír anois. An bhfuil na ráitis seo fíor nó bréagach?

1. Tá *Gaillimh 2020* ag tabhairt misnigh d'ealaíontóirí i nGaillimh.
2. Chuir an eagraíocht *Gaillimh 2020* tús leis an gclár cultúir cúpla mí ó shin.
3. Tá súil ag ealaíontóirí na Gaillimhe go n-éireoidh leis an tionscadal *Gaillimh 2020*.
4. Ba mhaith leis na healaíontóirí áitiúla níos mó deiseanna oibre a fháil ó *Gaillimh 2020* agus ón gComhairle Contae.
5. Saothraíonn ealaíontóirí airgead maith tar éis deich mbliana.
6. Tá an grúpa *Theatre57* ag iarraidh mol ealaíon a bhunú sa chathair.

Ceist 3

Féach ar an tuairisc arís agus bain úsáid as na focail thuas (faoi Cheist 1) chun cur síos gearr a dhéanamh don duine in aice leat faoi ábhar na míre.

Ceist 4

'...tá fáilte curtha ag an bhfile...'

Cad é an difríocht idir: **tá sé** agus **bíonn sé**? Pléigh an cheist leis an duine in aice leat.

Anois, roghnaígí an fhoirm cheart den bhriathar chun na bearnaí a líonadh.

1. _____ muintir na hÉireann cairdiúil ach fiáin.
2. _____ cupán caife agam gach maidin.
3. Is minic a _____ Mary anseo ar an Aoine.
4. _____ an aimsir go haoibhinn inniu.
5. _____ an aimsir go maith i mí an Mheithimh de ghnáth.
6. Bhí mé ag caint le Síle ansin agus _____ sí go breá.
7. _____ a lán Polannach ina gcónaí in Éirinn.
8. _____ an obair deacair nuair a bhíonn an iomarca daoine timpeall.

Cumaigí ceisteanna anois a bhfuil **tá/níl** agus **bíonn/ní bhíonn** mar fhreagra orthu. Cuirigí na ceisteanna ar a chéile.

Ceist 5 ‘...lucht amharclainne...’

1. Cuir na focail seo in abairtí lena mbrí a léiriú.

lucht
pobal
muintir

2. Aistrigh na habairtí seo go Gaeilge anois:

- *There is a large LGBT community in Dublin.*
- *The travelling community in Ireland is not treated very well.*
- *People learn to sing from their own family first.*
- *Business people have too much power.*
- *My mother's people have lived here for years*

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. Conas a chuireann ealaíontóirí le saibhreas na sochaí?
2. An léirítear go leor measa ar ealaíontóirí sa tír seo, dar leat? Mínigh.
3. Cén ghné den ealaín is mó a théann i bhfeidhm ortsa – filíocht, drámaíocht, ceol, na mínealaíona, litríocht? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

- | | |
|---------------------------------|--|
| 1. to support | <i>tacaíocht a thabhairt do</i> |
| 2. thespians, theatre community | <i>lucht amharclainne</i> |
| 3. courage, hopefulness | <i>misneach</i> |
| 4. European Capital of Culture | <i>Príomhchathair Chultúir na hEorpa</i> |
| 5. to earn a livelihood | <i>slí bheatha a bhaint amach</i> |
| 6. renowned poet | <i>file clúiteach</i> |
| 7. urgent need | <i>géarghá</i> |
| 8. confidence, trust | <i>muinín</i> |
| 9. income | <i>teacht isteach</i> |
| 10. arts hub | <i>mol ealaíon</i> |

Ceist 2

1. Bréagach. Tá misneach cailte ag na healaíontóirí mar nach féidir leo slí bheatha a bhaint amach. Níl *Gaillimh 2020* ná an Chomhairle Contae ag tabhairt go leor tacaíochta dóibh.
2. Bréagach. Cuirfidh siad tús leis an gclár i gceann cúpla mí.
3. Fíor.
4. Fíor.
5. Bréagach. Glacann sé ar a laghad deich mbliana ar ealaíontóirí slí bheatha a bhaint amach, mar a dúirt Marianne Ní Chinnéide.
6. Fíor.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Tá sé – an aimsir láithreach; *bíonn sé* – an aimsir ghnáthláithreach.

1. **Tá** muintir na hÉireann cairdiúil ach fiáin.
2. **Bíonn** cupán caife agam gach maidin.
3. Is minic a **bhíonn** Mary anseo ar an Aoine.
4. **Tá** an aimsir go haoibhinn inniu.
5. **Bíonn** an aimsir go maith i mí an Mheithimh de ghnáth.
6. Bhí mé ag caint le Síle ansin agus **tá** sí go breá.
7. **Tá** a lán Polannach ina gcónaí in Éirinn.
8. **Bíonn** an obair deacair nuair a **bhíonn** an iomarca daoine timpeall.

Ceist 5

1.

Lucht: people, category of people

Pobal: congregation, people, community

Muintir: people, community, family

2.

Tá pobal mór LADT (daoine lespiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinscneacha) i mBaile Átha Cliath.

Ní chaitear go maith leis an lucht taistil in Éirinn.

Foghlaimíonn daoine an ceol óna muintir ar dtús.

Tá an iomarca cumhachta ag an lucht gnó.

Tá muintir mo mháthar ag cur fúthu anseo le blianta fada.

Ceist 6

Is féidir na foghlaimoirí a chur ag plé na gceisteanna seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Maolra Mac Donnchadha

Tá fáilte curtha ag an bhfile, Rita Ann Higgins, roimh an ngluaiseacht nua atá bunaithe i nGaillimh le tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí agus do lucht amharclainne. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh a leithéid d'eagraíocht ann a deir Rita Ann Higgins mar go bhfuil a misneach caillte ag ealaíontóirí sa taobh sin tíre, tar éis a bhfuil de chaint tarraingthe ag *Gaillimh 2020*.

Sinéad Ní Neachtain

Níl ach cúpla mí fágtha go gcuirfidh an eagraíocht *Gaillimh 2020* tús leis an gclár cultúir atá beartaithe don bhliain 2020, agus Gaillimh ainmnithe ina Príomhchathair Chultúir na hEorpa. Cé go bhfuil súil go n-éireoidh leis, deir ealaíontóirí go bhfuil an misneach caillte acu mar go bhfuil sé chomh deacair slí bheatha a bhaint amach sna dána i nGaillimh. Tá na healaíontóirí céanna tar éis teacht le chéile anois le gluaiseacht a bhunú a bhfuil súil acu a bheidh ina crann taca agus iad ag iarraidh slí bheatha a bhaint amach.

Féilim Ó hAoláin, Theatre57

Táimid ag iarraidh brú ar aghaidh chun go gcuirimid brú ar *2020* agus ar an Chomhairle Contae chun ionad ceart a chur isteach sa chathair, i dtreo, le haghaidh daoine atá ag obair san amharclann, daoine atá ag obair mar ealaíontóirí sa chathair agus ealaíontóirí áitiúla. Agus, ba mhaith linn i bhfad níos mó deiseanna a fheiceáil ó *2020* agus ón chontae agus ón chathair le haghaidh ealaíontóirí atá bunaithe anseo i nGaillimh.

Sinéad Ní Neachtain

Tá fáilte curtha ag an bhfile clúiteach, Rita Ann Higgins, roimh an ngluaiseacht mar go bhfuil gá lena leithéid, a deir sí.

Rita Ann Higgins, File

I dtosach ghearr 2020 beagnach gach tionscadal¹, rud a d'fhág a lán ealaíontóirí amuigh sa bhfuacht. Is dócha gur tháinig an ghluaiseacht uaidh seo agus cuirim fáilte roimpi². Tá géarghá leis an ngluaiseacht, agus níl muinín i 2020 agus an chaoi ina bhfuil sé á rith.

Marianne Ní Chinnéide, Léachtóir le Drámaíocht OÉG

Taispeánann an *Theatre57* dúinn go bhfuil géarghá le teacht le chéile mar seo, mar le blianta tá ealaíontóirí na Gaillimhe ag maireachtáil gan mórán de theacht isteach. Má tá siad ag iarraidh slí bheatha a bhaint amach leis an ealaín amháin, tá cineál bunleibhéal bochtanais ann ar feadh an chéad, b'fhéidir, suas go dtí an chéad deich mbliana.

Sinéad Ní Neachtain

Tá an eagraíocht ag iarraidh straitéis ealaíon fhadtéarmach a fhorbairt don chathair agus tá súil acu tacaíocht airgeadais a fháil, chomh maith le Mol Ealaíon a bhunú le go mbeidh áit lárnach ag ealaíontóirí le teacht le chéile.

Sinéad Ní Neachtain, Nuacht TG4.

¹ *tionscnamh* a dúradh

² *roimhe* a dúradh, ach is ag tagairt don fhocal baininscneach 'gluaiseacht' atá sí